Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/1448

29.6.2026

**CINNEADH (CBES) 2026/1448 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 26 Meitheamh 2026**

**mar thaca le tionscadal maidir le rioscaí sábháilteachta armlóin san Úcráin a laghdú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha (MAAÉ) agus a n-armlón. Gheall an tAontas, *inter alia*, cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn chun stoc-chairn MAAÉ a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí agus leanúint de thacaíocht a thabhairt don chomhar agus don chúnamh chun Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe maidir le MAAÉ a chur chun feidhme, lena n-áirítear bainistiú stoc-charn MAAÉ agus armlóin.

(2) An 4 Nollaig 2023, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an Creat Domhanda maidir le Gnáth-Armlón a bhainistiú le linn a Shaolré (an Creat Domhanda), ar creat comhoibritheach deonach é ina bhfuil sraith gealltanas polaitiúil chun na tionscnaimh atá ann cheana maidir le gnáth-armlón a bhainistiú le linn a shaolré a neartú agus a chur chun cinn, agus chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá ann cheana ó thaobh gnáth-armlón a bhainistiú le linn a shaolré. Le Cuspóir 5 den Chreat Domhanda spreagtar na stáit na cumais theicniúla a bhunú chun faireachas leordhóthanach córasach inbhuanaithe a dhéanamh ar ghnáth-armlón i stoc-chairn náisiúnta, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, lena n-áirítear trí chomhar agus cúnamh idirnáisiúnta a sholáthar agus a fháil.

(3) An 14 Aibreán 2025, d'fhormheas an Chomhairle Conclúidí maidir le Rialú ar Onnmhairiú Arm, inar chuir sí de chúram ar an Meitheal um Onnmhairiú Gnáth-Arm (COARM), i gcás inarb ábhartha, tacú le fothú acmhainneachta tríú tíortha i ndáil le bainistiú stoc-charn arm agus armlóin.

(4) Is é a bhí i gceist le feidhmiú cheart bunúsach na hÚcráine í féin a chosaint ar chogadh foghach na Rúise ón 24 Feabhra 2022 i leith stoc-chairn shuntasacha gnáth-armlóin a fháil agus a bhainistiú, rud a chruthaigh rioscaí agus dúshláin thromchúiseacha sábháilteachta.

(5) Ba cheart gníomhaíochtaí an Aontais i réimse an neamhleata agus na dí-armála a úsáid de réir mar is iomchuí chun fulaingt an duine a laghdú agus chun rannchuidiú le sábháilteacht mhuintir na hÚcráine i gcomhthéacs a féinchosanta ar chogadh foghach na Rúise, agus chun na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann leis an gcogadh a mhaolú.

(6) Dá bhrí sin, is iomchuí don Aontas tacú, trí ranníocaíocht airgeadais, le tionscadal arb é is aidhm dó rioscaí sábháilteachta armlóin san Úcráin a laghdú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Tacóidh an tAontas le tionscadal maidir le rioscaí sábháilteachta armlóin san Úcráin a laghdú ('an tionscadal').

2. Is é cuspóir an tionscadail rioscaí sábháilteachta armlóin san Úcráin a laghdú trí cheanglais acmhainneachta teicniúla a chinneadh maidir le faireachas armlóin ar údaráis náisiúnta san Úcráin agus, ar an mbonn sin, trí acmhainneachtaí teicniúla náisiúnta a fheabhsú trí threalamh tástála a fháil agus a aistriú, agus trí sholáthar oiliúna gaolmhaire. Dá bhrí sin, rannchuideoidh an tionscadal le tionóiscí a bhaineann le harmlón agus pléascthaí neamhphleanáilte a chosc, le cosaint fheabhsaithe pearsanra, agus le sábháilteacht shibhialtach fheabhsaithe.

3. Leagtar síos tuairisc mhionsonraithe ar an tionscadal sin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is é Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil (GICHD) agus ITF Enhancing Human Security (ITF) a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil an tionscadail.

3. Déanfaidh GICHD agus ITF a gcuid cúraimí faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le GICHD agus le ITF.

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 1 996 834 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an tionscadail, arna mhaoiniú ag an Aontas ('an caiteachas').

2. Déanfar an caiteachas a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an mhéid tagartha airgeadais dá dtagraítear i mír 1. Chuige sin, tabharfaidh sé na comhaontuithe is gá i gcrích le GICHD agus ITF. Forálfar sna comhaontuithe sin go bhfuil GICHD agus ITF chun infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, a bheidh iomchuí dá chomhthéacs agus dá mhéid, a áirithiú.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú airgeadais dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú chun críche.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle faoi chur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha 6 mhí arna n-ullmhú ag GICHD agus ITF.

2. Déanfaidh an Coimisiún tuairisciú chuig an gComhairle maidir le gnéithe airgeadais an tionscadail.

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích nó 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm mura dtabharfar ceachtar de na comhaontuithe sin i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Meitheamh 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. DAMIANOS

*IARSCRÍBHINN*

**DOICIMÉAD TIONSCADAIL**

**'Rioscaí sábháilteachta armlóin san Úcráin a laghdú'**

## 1. Cúlra agus Comhthéacs

Tá rioscaí agus dúshláin shuntasacha sábháilteachta agus slándála roimh an Úcráin maidir le stoc-chairn náisiúnta gnáth-armlóin. Is measa fós iad sin ó thosaigh mórchogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine i mí Feabhra 2022.

Mar thoradh ar na dúshláin sin, d'eascair go leor teagmhais phléascacha ní hamháin as gníomhartha ionsaithe naimhdeacha agus as sabaitéireacht ar bhonneagar armlóin, ach freisin as iompar, stóráil, láimhseáil agus diúscairt armlóin neamhfhíoraithe nó éagobhsaí ag Fórsaí Armtha na hÚcráine agus ag údaráis forfheidhmithe dlí san Úcráin. Cé go bhfuil bearta coisctheacha glactha ag údaráis na hÚcráine chun sábháilteacht a mhéadú agus chun rioscaí do phearsanra agus do phobail shibhialtacha, do bhonneagar agus don chomhshaol a laghdú, *inter alia*, i limistéir stórála armlóin agus timpeall orthu, ní mór bearta breise a dhéanamh.

Sa chomhthéacs sin, tá géarghá le cúnamh teicniúil i réimse an fhaireachais armlóin chun tacú le húdaráis na hÚcráine rioscaí sábháilteachta armlóin a mhaolú. Is bunchloch de bhainistiú sábháilteachta armlóin é faireachas éifeachtach armlóin, rud a chumasaíonn díghrádú, lochtanna agus dálaí neamhshábháilte iompair, stórála nó láimhseála a eascraíonn as sin a bhrath go luath. Tá na hacmhainneachtaí faireachais armlóin atá ann faoi láthair san Úcráin faoi bhrú mar gheall ar an méid seo a leanas:

— Méideanna arda agus éagsúlacht mhór cineálacha armlóin, calabraí, aoiseanna, agus caighdeáin mhonaraíochta;

— Infhaighteacht theoranta pearsanra oilte faireachais armlóin;

— Bonneagar neamhleor nó bonneagar a ndearnadh damáiste dó de dheasca cogaidh le haghaidh cigireacht chórasach, faireachas córasach, tástáil chórasach agus bainistiú córasach saolré;

— Bearnaí i dtrealamh teicniúil, i nósanna imeachta caighdeánaithe, i ndoiciméadacht agus i mbainistiú sonraí i gcomparáide leis na dea-chleachtais agus na caighdeáin idirnáisiúnta;

— Nochtadh méadaithe armlóin do dhálaí díobhálacha comhshaoil agus stórála.

Chomh maith le haghaidh a thabhairt ar rioscaí láithreacha sábháilteachta armlóin le linn na coinbhleachta, beidh acmhainneachtaí neartaithe faireachais armlóin ina mbonn ríthábhachtach do théarnamh agus do chobhsú na hÚcráine iarchoinbhleachta, lena n-áirítear an t-aistriú ó sheasamh míleata an chogaidh go seasamh míleata am na síochána. Beidh cigireacht, fíorú agus bainistiú rioscabhunaithe córasach ag teastáil ó mhéideanna móra armlóin chun stóráil, iompar agus diúscairt shábháilte a chumasú. Dá bhrí sin, le hinfheistíocht luath in acmhainneachtaí faireachais náisiúnta inbhuanaithe, laghdófar na hualaí fadtéarmacha daonnúla, comhshaoil agus airgeadais a bhaineann le díghrádú armlóin neamhrialaithe agus pléascanna neamhphleanáilte i suíomh iarchoinbhleachta. Gan acmhainneachtaí faireachais feabhsaithe, leanfaidh an dóchúlacht de thionóiscí a bhaineann le harmlón agus pléascanna neamhphleanáilte de bheith ard, agus d'fhéadfadh iarmhairtí tubaisteacha a bheith ann d'údaráis náisiúnta agus do phobail shibhialtacha araon.

I bhfianaise an mhéid sin, i samhradh 2025, d'iarr na húdaráis náisiúnta san Úcráin ar an Aontas cúnamh teicniúil a chur ar fáil chun tacú le fíorú sábháilteachta armlóin ar feadh a shaolré ar fad, ag díriú go sonrach ar an gclár um oiliúint agus trealamh chun faireachas a dhéanamh ar armlón. Athdhearbhaíodh an iarraidh sin le linn na ceardlainne '*Setting up the international training and cooperation platform in ammunition safety management in support of Ukraine's post-conflict immediate risk reduction efforts* [An t-ardán idirnáisiúnta oiliúna agus comhair a bhunú maidir le sábháilteacht armlóin a bhainistiú mar thaca le hiarrachtaí na hÚcráine rioscaí láithreacha iarchoinbhleachta a laghdú]' a d'eagraigh GICHD an 13-14 Samhain 2025 i nGinéiv na hEilvéise.

Tá an ghníomhaíocht a iarradh ailínithe le SALW an Aontais agus le beartais níos leithne maidir le neamhleathadh agus dí-armáil trína thacaíocht d'fhothú acmhainneachta le haghaidh stóráil agus láimhseáil armlóin atá sábháilte agus slán, go háirithe i dtíortha comhpháirtíochta, rud a chruthaíonn deis chun tacaíocht spriocdhírithe neamh-mharfach a chur ar fáil i gcomhréir le tiomantas an Aontais don tsíocháin, don chobhsaíocht agus do laghdú riosca.

Ina theannta sin, tá an iarraidh ar chúnamh ailínithe leis an gCreat Domhanda maidir le Bainistiú Gnáth-Armlóin le linn a Saoil a fhaigheann tacaíocht ón Aontas toisc go bhféachann sé le laghdú breise a dhéanamh ar na rioscaí sábháilteachta a bhaineann le stoc-chairn gnáth-armlóin náisiúnta san Úcráin, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

— tosaíocht a thabhairt d'inbhuanaitheacht acmhainneachtaí na n-údarás náisiúnta ábhartha maidir le gnáth-armlón a bhainistiú le linn a saolré,

— gach iarracht a dhéanamh faireachas leordhóthanach, córasach agus inbhuanaithe a dhéanamh ar ghnáth-armlón i stoc-chairn náisiúnta, agus

— próisis leordhóthanacha laghdaithe riosca a úsáid chun stoc-chairn gnáth-armlóin náisiúnta a bhainistiú.

Trí chleachtais fhreagracha bainistithe armlóin a chur chun cinn, meastar freisin go rannchuideoidh an ghníomhaíocht le sábháilteacht réigiúnach níos leithne tríd an riosca a bhaineann le tionchair trasteorann a bhaineann le pléascanna neamhphleanáilte, éilliú comhshaoil, agus díghrádú armlóin neamhrialaithe a laghdú. Tríd an méid sin a dhéanamh, tacaíonn sé le cobhsaíocht níos fadtéarmaí agus léiríonn sé cuir chuige choisctheacha agus laghdaithe riosca a aithnítear go hidirnáisiúnta, i gcomhréir le cur chuige an Aontais maidir le slándáil choisctheach.

Ar deireadh, tacaíonn cur chuige den sórt sin le comhar an Aontais agus na hÚcráine maidir le neamhleathadh agus dí-armáil, lena n-áirítear acmhainneachtaí údaráis na hÚcráine a neartú trí chomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus fóraim iltaobhacha agus trí iarrachtaí comhlántacha na n-eagraíochtaí sin.

## 2. Cuspóir foriomlán

Rioscaí sábháilteachta armlóin a laghdú san Úcráin trí acmhainneachtaí náisiúnta neartaithe le haghaidh faireachas armlóin, rannchuidiú le tionóiscí a bhaineann le harmlón agus pléascanna neamhphleanáilte a chosc, cosaint fheabhsaithe pearsanra, agus sábháilteacht shibhialtach fheabhsaithe.

## 3. Cur síos ar an nGníomhaíocht

### 3.1 Ceanglais a chinneadh maidir le hacmhainneacht theicniúil i bhfaireachas armlóin ar údaráis náisiúnta san Úcráin

#### 3.1.1 Toradh 1

Ceanglais acmhainneachta teicniúla dheimhnithe agus thosaíochta le haghaidh faireachas éifeachtach ar armlón na n-údarás náisiúnta san Úcráin i gcomhréir le coincheapa maidir le laghdú riosca sábháilteachta armlóin agus caighdeáin idirnáisiúnta, lena gcuirtear bonn soiléir comhaontaithe ar fáil le haghaidh fothú spriocdhírithe acmhainneachta agus cúnamh teicniúil.

#### 3.1.2 Cur Síos

Mar thoradh ar an ngníomhaíocht faoi Thoradh 1, beidh tuiscint chomhroinnte fhianaisebhunaithe ag údaráis ábhartha na hÚcráine ar na hacmhainneachtaí teicniúla is gá chun faireachas córasach inbhuanaithe atá feasach ar riosca a dhéanamh ar armlón ar feadh shaolré an armlóin. Bainfear é sin amach trí mheasúnuithe teicniúla struchtúrtha, tacaíocht chomhairleach, agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara náisiúnta. Cumhdófar leis na ceanglais acmhainneachtaí dheimhnithe, *inter alia*, bonneagar agus trealamh, próisis agus nósanna imeachta teicniúla, acmhainní daonna agus inniúlachtaí, agus bainistiú faisnéise.

#### 3.1.3 Aschur ionchasach

Aschur 1 – Forléargas bailíochtaithe ar na hacmhainneachtaí reatha agus ar bhearnaí sna hacmhainneachtaí faireachais armlóin a taifeadadh sa tuarascáil theicniúil.

Aschur 2 – Tuarascáil i bhfoirm liosta tosaíochta de cheanglais acmhainneachta teicniúla agus de riachtanais bhailíochtaithe maidir le faireachas armlóin, lena n-áirítear trealamh agus oiliúint chun críche Thoradh 2, arna fhormhuiniú ag na húdaráis náisiúnta ábhartha, a thaifeadtar sa tuarascáil theicniúil. Cé go n-áireofar ar an liosta ceanglais agus riachtanais is gá a chomhlíonadh faoin gcistiú ón Aontas faoin tionscadal seo, ba cheart ceanglais tosaíochta agus riachtanais a mholtar le haghaidh cistiúcháin a liostú ann freisin ionas go mbeidh siad ullmhaithe má chuirtear tuilleadh cistí ar fáil. Beidh an liosta faoi réir bailíochtú ag COARM.

Aschur 3 – Forálacha ailínithe a bhaineann le faireachas armlóin i rialacháin sábháilteachta armlóin na n-údarás náisiúnta ábhartha leis an dea-chleachtas agus leis na caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta.

#### 3.1.4 Tuairisc ar ghníomhaíochtaí a bhfuil coinne leo

Gníomhaíochtaí atá bainteach le hAschur 1:

1. Athbhreithniú deisce agus forbairt modheolaíochta.

2. Comhairliúcháin ar líne agus intíre le páirtithe leasmhara, measúnú allamuigh, agus cruinniú bailíochtaithe.

3. Anailís ar dhoiciméadacht agus scríbhneoireacht tuarascála.

Gníomhaíochtaí atá bainteach le hAschur 2:

1. Athbhreithniú ar thorthaí an mheasúnaithe agus léarscáil de bhearnaí a sainaithníodh i gcomparáid le dea-chleachtais agus caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta.

2. Comhairliúcháin ar líne agus intíre le páirtithe leasmhara, agus cruinniú formhuinithe tosaíochtaí le húdaráis náisiúnta na hÚcráine.

3. Doiciméadacht a anailísiú, tuarascáil a scríobh, agus an tuarascáil maidir le bailíochtú COARM a chur isteach

Gníomhaíochtaí atá bainteach le hAschur 3:

1. Nuashonrú atá beartaithe ar rialacháin náisiúnta maidir le sábháilteacht armlóin a dhréachtú trí fhorálacha faireachais armlóin a chur san áireamh atá ailínithe le caighdeáin agus dea-chleachtas a aithnítear go hidirnáisiúnta.

2. Tacaíocht chomhairleach d'údaráis náisiúnta maidir le bailíochtú inmheánach agus seachtrach, agus athbhreithniú dlíthiúil deiridh ar rialacháin sábháilteachta armlóin, lena n-áirítear faireachas armlóin.

3. Athbhreithniú ar dhréachtfhorálacha bunaithe ar aiseolas agus ar thacaíocht d'ailíniú/formheas foirmiúil ag údaráis inniúla na hÚcráine.

### 3.2 **Acmhainneacht theicniúil a fhorbairt i bhfaireachas armlóin ar údaráis náisiúnta san Úcráin**

#### 3.2.1 **Toradh 2**

Acmhainneachtaí teicniúla náisiúnta feabhsaithe maidir le faireachas armlóin trí chlár struchtúrtha trealmhaithe agus oiliúna, lena gcuirfear ar chumas údaráis ábhartha na hÚcráine faireachas córasach sábháilte atá feasach ar riosca a dhéanamh ar armlón i gcomhréir le dea-chleachtas agus caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta.

#### 3.2.2 **Cur Síos**

Mar thoradh ar an ngníomhaíocht faoi Thoradh 2, ag tógáil ar na ceanglais maidir le hacmhainneacht theicniúil dheimhnithe agus thosaíochta agus ar na riachtanais bhailíochtaithe, méadófar na hacmhainneachtaí faireachais armlóin oibríochtúla trí threalamh faireachais neamh-mharfach a sholáthar, oiliúint theicniúil spriocdhírithe agus comhairle maidir le húsáid trealaimh, agus seirbhísí comhairleacha maidir le comhtháthú oibríochtúil oiliúna agus trealaimh i ngníomhaíochtaí faireachais armlóin. Úsáidfear an trealamh faireachais chun tástáil theirmidinimiciúil agus cheimiceach, mheicniúil, optúil agus leictreach a dhéanamh ar armlón, agus tús áite á thabhairt do thionscnamh an trealaimh san Aontas. Tabharfar tosaíocht do threalamh soghluaiste a sholáthar chun solúbthacht oibríochtúil agus inmharthanacht a áirithiú, agus chun gur féidir le feidhmghrúpaí gléasanna seiceálacha comhtháite a dhéanamh i gcás inar gá. Áiritheofar leis an toradh go mbeidh an cúnamh bunaithe ar riachtanais, comhréireach agus comhleanúnach, agus aghaidh á tabhairt go díreach ag an am céanna ar bhearnaí sainaitheanta agus dúbláil le tionscnaimh eile á seachaint.

#### 3.2.3 **Aschur ionchasach**

Aschur 1 – Trealamh faireachais armlóin ón liosta arna bhailíochtú ag COARM arna sholáthar agus arna sheachadadh chuig na húdaráis náisiúnta san Úcráin.

Aschur 2 – Pearsanra faireachais armlóin atá oilte ar úsáid trealaimh arna sholáthar in aghaidh mhodhanna faireachais armlóin agus nósanna imeachta oibríochtúla ábhartha na hÚcráine atá ailínithe le dea-chleachtas agus caighdeáin idirnáisiúnta.

#### 3.2.4 **Tuairisc ar ghníomhaíochtaí a bhfuil coinne leo**

Gníomhaíochtaí atá bainteach le hAschur 1:

1. An trealamh faireachais armlóin uile atá ar an liosta a sholáthar i gcomhréir le sonraíochtaí formheasta.

2. Iompar, imréiteach custaim, agus dáileadh intíre trealaimh.

3. Aistriú trealaimh agus a úsáid a fhíorú.

Gníomhaíochtaí atá bainteach le hAschur 2:

1. Deimhniú ceanglas oiliúna agus cláir oiliúna de réir an trealaimh a sholáthraítear.
2. Oiliúint maidir le húsáid trealaimh a shocrú agus a chur chun feidhme.
3. Meantóireacht agus tacaíocht theicniúil ar an láthair oibre a sholáthar chun trealamh a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí faireachais oibríochtúla.

4. **Tairbhithe**

Is iad seo a leanas tairbhithe na gníomhaíochta go díreach: na húdaráis náisiúnta san Úcráin – coimeádaithe údaraithe armlóin agus údaráis rialála sábháilteachta armlóin, agus go hindíreach: pobail shibhialtacha atá ina gcónaí i ngaireacht do limistéir stórála armlóin agus do bhealaí iompair.

5. **Inbhuanaitheacht**

Áirithítear leis an tionscadal inbhuanaitheacht trí fhaireachas armlóin a institiúidiú mar fheidhm sábháilteachta atá faoi úinéireacht náisiúnta trí nósanna imeachta caighdeánaithe, trealamh marthanach, agus pearsanra oilte atá leabaithe laistigh de struchtúir atá ann cheana, lena n-áirithítear leanúnachas faoi na coinníollacha coinbhleachta agus ábharthacht maidir le téarnamh iarchoinbhleachta. Le hathléimneacht theicniúil, trealamh costéifeachtach, imscaradh díláraithe, agus úinéireacht iomlán náisiúnta, cumasaítear laghdú riosca fadtéarmach, cosc tionóiscí, agus comhlíonadh caighdeán idirnáisiúnta sábháilteachta armlóin gan spleáchas seachtrach leanúnach.

6. **Módúlacht Cur Chun Feidhme**

Déanfaidh GICHD agus ITF Enhancing Human Security an ghníomhaíocht a chur chun feidhme go comhpháirteach agus ar bhealach comhordaithe, trína gcuirfear de chúram ar gach eintiteas speisialaithe cur chun feidhme toradh sainithe a sholáthar i gcomhréir lena sainorduithe, lena saineolas agus lena mbuntáistí comparáideacha faoi seach. Cuirfidh GICHD na gníomhaíochtaí faoi Thoradh 1 chun feidhme, lena n-áirítear liosta an trealaimh agus na hoiliúna a fhorbairt chun críche Thoradh 2, agus cuirfidh ITF na gníomhaíochtaí faoi Thoradh 2 chun feidhme.

Déanfar gníomhaíochtaí a chomhordú go dlúth le húdaráis ábhartha na hÚcráine chun úinéireacht, ábharthacht agus inbhuanaitheacht náisiúnta a áirithiú.